GLUAISEACHT AEIR

J
SÓISEAR

Trealamh:	**1.** Soip, píosaí beaga d'ábhar éadrom (m.sh. scragall cistine, ciarsúir pháipéir, polaistiréin, nuachtáin, ábhar cadáis, liathróid leadóg boird....) rialóir nó tomhas neamhchaighdeánach **2.** Meascán bolgóidí (leacht níocháin agus uisce), soithigh ar nós cartáin ime, soip, páipéar, rialóir nó tomhas neamhchaighdeánach.
An leibhéal ranga molta:	Na ranganna is óige
Ullmhúchán:	**Do ghníomhaíocht 2:** Ullmhaigh an meascán bolgóidí mar seo a leanas: Déan tuaslagán gallúnaí i mbuidéal plaisteach 1 líotar i gcóimheas timpeall 4 pháirt uisce le 1 pháirt leacht níocháin. *(Roghnach: leathspúnóg tae de ghlicrín, atá ar fáil i siopaí poitigéara, chun go mairfidh na bolgóidí níos faide)*
Eolas cúlra:	Is féidir le haer nithe a bhogadh - féach mar a shéideann duilleoga agus gaineamh ar lá gaoithe. Is féidir leis luas a chur faoi rudaí nó moill a chur orthu (*smaoinigh ar rothaíocht leis an ghaoth nó in éadan na gaoithe*). Bhíodh seolta ar longa fadó chun go dtiománfaí iad le haer (*an ghaoth*). Is le hinnil a thiomántar longa móra anois, ach úsáideann daoine an ghaoth in árthaigh beaga pléisiúir i gcónaí, m.sh. luaimh.
Ceisteanna spreagtha:	**1.** An féidir aer a fheiceáil? (*Ní féidir i ndáiríre, má bhíonn sé glan*) An féidir aer a chloisteáil? (*Is féidir má tá sí ag gluaiseacht*) An féidir aer a bholú? (*Ní féidir má tá sé fíorghlan*) An féidir aer a mhothú? (*Is féidir má tá sé ag gluaiseacht*) An bhfuil aer riachtanach dúinn? (*Tá....*) An féidir le haer rudaí a bhogadh? Cén cineál rudaí is féidir leis a bhogadh?? Conas is féidir aer a bhogadh? **2.** Cad is bolgóid ann? (*Aer a bhfuil uisce, meascán gallúnaí, m.sh. timpeall air*) FÉACHAIMIS AR GHLUAISEACHT AEIR!
Comhábhar:	**EOLAÍOCHT:** Fórsaí Comhábhair – Airíonna agus tréithe **MATA:** Uimhir: comparáid agus ordú Tomhais: Fad Sonraí: sortáil agus rangú

GLUAISEACHT AEIR

J
SÓISEAR

Scileanna:	Tuar, triail, breathnú, tomhas, anailísiú, taifeadadh
Nascanna traschuraclam:	**Tíreolaíocht:** Aimsir (*gaoth*) **Ceol:** Gluaiseacht aeir agus uirlisí gaoithe
Gníomhaíochtaí:	

1. An féidir leis na leanaí ábhair éagsúla a bhogadh le haer?

Taispeáin na hábhair éagsúla do na leanaí agus fiafraigh díobh:
"Cad iad na bealaí éagsúla atá ann chun na nithe seo a bhogadh le haer?"
(D'fhéadfadh siad labhairt faoi shéideadh go díreach orthu nó trí shop, nó feanáil a dhéanamh...)

Roghnaigh bealach amháin agus úsáid an ceann céanna gach uair.
Ba chóir do na leanaí a thuar cén ábhar is éasca a bhogadh agus cad é an ceann is deacra.
Déanfaidh siad a gcuid trialacha ansin agus líonfaidh siad an tábla isteach.
(Chun smacht a choinneáil ar an séideadh, d'fhéadfaí sop a thabhairt do gach leanbh agus a iarraidh orthu séideadh ar an ábhar le fáil amach an mbogfaidh sé).

Ábhar	Conas a ndearna mé iarracht an t-ábhar a bhogadh	Ar bhog sé?	
		Bhog	Níor bhog
Scragall Cistine			
Ciarsúr páipéir			
Polaistiréin			
Nuachtán			
Ábhar cadáis			
Liathróid leadóg boird			

Cén t-ábhar ba éasca a bhogadh? Cén fáth?

Cén ceann a bhí tú ábalta a bhogadh níos faide ná aon cheann eile? Cén fhad a raibh tú in ann é a bhogadh? Conas is féidir triail chothrom a dhéanamh as?

Féadfaidh na leanaí rudaí a rangú mar seo: "Éasca a bhogadh" agus "Deacair a bhogadh".

Is féidir ceist eile a chur ansin: "an ndéanann an cruth aon difríocht?" m.sh. "an bhfuil sé níos éascaí píosa scragall cistine a bhogadh nuair a bhíonn sé cothrom nó nuair a dhéantar liathróid as?"

GLUAISEACHT AEIR

J
SÓISEAR

2. An féidir leis na leanaí smaoineamh ar bhealaí chun bolgóidí a bhogadh?

Féadfaidh na leanaí bolgóidí a dhéanamh trí shéideadh trí shop isteach i meascá gcartán ime.

Fiafraidh díobh "Conas a dhéantar bolgóidí beaga? Bolgóidí móra?"

Cad a tharlaíonn nuair a shéideann tú go bog? Nuair a shéideann tú go crua?"

An féidir leo airde na mbolgóidí a thomhas? (*is féidir aonaid chaighdeáncha nó neamhchaighdeánacha a úsáid*)

An féidir leo smaoineamh ar bhealaí chun na bolgóidí a bhogadh sa treo is mian leo trí pháipéar a úsáid mar fhean?



Má dhéanann siad feananna páipéir (*trí phléataí a dhéanamh sa pháipéar agus ceann amháin a stápláil*) an mbíonn sé níos éasca na bolgóidí a smachtú?

Fiafraidh de na leanaí "An dtugann sibh aon rud eile faoi deara faoi na bolgóidí?" (*Na dathanna*)

"An gcuireann siad aon rud i gcuimhne daoibh?" (*Dathanna an tuar ceatha*)

Sábháilteacht:

NÁ SÚIGH ISTEACH AN MEASCÁN BOLGÓIDÍ d'fhéadfadh sé tinneas a chur ort.

Gníomhaíocht leantach:

Déan báid as corc nó páipéar, agus déan iad a shéideadh nó a fheanáil ar uisce; is féidir rás a dhéanamh de. *(Bheadh soitheach mór uisce - féadfaidh sé a bheith éadomhain - ag teastáil).*